C/2025/1319

13.3.2025

P9_TA(2024)0211

Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne lena leasaítear Comhaontú an Aontais Eorpaigh agus Phoblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024 maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne lena leasaítear an Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (12378/2023 – C9-0460/2023 – 2023/0303(NLE))

(An nós imeachta reachtach speisialta – Toiliú)

(C/2025/1319)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (12378/2023),

— ag féachaint don dréacht-chomhaontú i bhfoirm malartú litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne lena leasaítear an Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraife-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (12379/2023),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0460/2023),

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0083/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht na hAirgintíne.